

Ceacht Líníochta le Ranganna 3 go dtí 6

‘Paul Klee: Aireagáin’

Le Gemma McGirr

<u>Snáth Curaclaim:</u>	Líníocht (Curaclam Amharcealaíona lgh. 48, 66)
<u>Cuspóir:</u>	<p><i>An saol samhlaíoch á léiriú ag an dalta agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú trí úsáid airgtheach a bhaint as patrún agus sonra samhlaíoch (Lch. 48)</i></p> <p><i>Féach ar obair an dalta agus labhair faoi, faoi obair leanaí eile agus faoi obair na n-ealaíontóirí (lch. 49)</i></p> <p><i>Téamaí samhlaíocha a líniú ag úsáid patrún agus sonra airgtheach (lch. 66)</i></p> <p><i>Féach ar obair an dalta agus labhair faoi, faoi obair leanaí eile agus faoi obair na n-ealaíontóirí (lch. 67)</i></p>
<u>Nasc:</u>	Péint agus Dath > An saol samhlaíoch á léiriú ag an dalta agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú trí úsáid léiritheach a bhaint as dath (Lgh. 50, 66)
<u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u>	<p><i>Stair: Staidéar ar ghnéithe d’fhorbairtí sóisialta, ealaíonta, teicneolaíocha agus eolaíocha thar tréimhsí fada (lgh. 50, 71)</i></p>

An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

Ag tosú: Is eitseáil le Paul Klee [*The Hero with the Wing*](#), é an spreagadh. Taispeánann sé fear le sciathán amháin, a bhfuil a ghéaga eile briste aige ina iarrachtaí chun eitilt. Tá ceann dá chosa, cabhail chrainn, fréamhaithe sa talamh agus seasann sé ag amharc in airde, ag tnúth le heitilt. Bhí Klee faoi dhraíocht ag an eitilt agus rinneadh an eitseáil seo dhá bhliain tar éis do na deartháireacha Wright eitilt i 1903. Is ceann é de shraith eitseála ar ar thug Klee Aireagáin (Inventions) agus léiríonn sé an mian a bhí ann é féin a scaradh amach ó choimeádachas ealaín an mhórshrutha agus a chuid samhlaíochta a úsáid. (B’fhéidir gur mhaith leat labhairt leis na leanaí faoi nglas a bhaint de dhoras a gcuid samhlaíochta féin, rud iontach ann féin).

Abhair Riachtanacha: Páipéar
Pinn luaidhe 2B, 4B nó 6B

Spreagadh: [*The Hero with the Wing*](#) (1905) le Paul Klee
“Féach go géar ar an bpictiúr seo. Féach ar a cheann, cén treo a bhfuil sé a amharc? An bhfuil rud éigin á chaitheamh ar a cheann aige? Cad atá ann? Féach ar a lámha, an bhfuil siad mar an gcéanna? An féidir leat cur síos a dhéanamh orthu? Cad faoina chosa? Féach go géar agus inis cad a fheiceann tú. An gceapann tú go bhfuil sé cosúil le laoch? Cén fáth dar leat ar thug Paul Klee laoch air? Cad faoi a bhfuil an laoch seo ag smaoineamh, dar leat? An raibh tusa riamh faoi dhraíocht ag rud éigin? An bhféadfá créatúr fantaiseach de do chuid féin a tharraingt>

Gníomhaíocht: Nuair a bhíonn an eitseáil agus fonn agus cumas Klee chun scód a ligean lena shamhlaíocht pléite acu, tig leis na leanaí a gcréatúir fantasaíochta féin a tharraingt. Spreag iad chun labhairt faoina líníochtaí, cá bhfuil cónaí ar an gcréatúr seo, cad a dhéanann sé agus cad a chiallaíonn sé don leanbh.

Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a gcuid líníochtaí a phlé, agus cad a spreag iad chun an créatúir fantasaíoch seo a chruthú. An ndearna siad athruithe agus iad i mbun líníochta? Ar athraigh a gcuid smaointe? An mbeadh siad in ann teideal a thabairt dá líníocht? An bhféadfaidís scéal a chumadh faoina gcréatúr fantasaíoch? Nuair a bhíonn an líníocht críochnaithe, féadfaidh siad a n-ainm a shíniú mar a dhéanann ealaíontóir! Cuir saothar na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla. Spreag iad chun féachaint ar chuid de líníochtaí Paul Klee, m.sh. (*Little Fool in a Trance* agus *The Twittering Machine*).

Gníomhaíochtaí Breise:

Féadfaidh na leanaí iarracht a dhéanamh líníocht le líne leanúnach a chruthú. Píoc pointe tosaigh ag taobh nó ag bun an leathanaigh. Tosaigh líne uaidh sin gan an peann luaidhe a bhaint den leathanach agus tarraing tirdhreach nó dreach baile (fíor nó samhailta). Bain triail as seo chun aghaidh, ainmhí, duine a tharraingt.

Féidearthachtaí TCF: D'fhéadfadh na leanaí a gcuid líníochtaí a scanáil agus scéal a scríobh ar an ríomhaire faoina gcréatúr fantasaíoch.

Ag baint úsáide as an DVD

Is Ealaíontóir mé: Tugann na cláir *Líníocht* ar an DVD deiseanna chun éisteacht le leanaí ag freagairt dá saothair féin i 'gCathaoir an Ealaíontóra'.

Nóta:

Is cabhair í dar liom labhairt leis na leanaí faoi chumhacht na samhlaíochta sula gcuirtear tús le ceacht ealaíne. Cabhraíonn sé leo na réamhthuarimí atá acu faoin gcaoi *ba chóir* dá líníochtaí nó d'aon saothar ealaíne a bheith a shaoradh agus ligeann sé dóibh a gcuid ealaíne féin a dhéanamh gan aon chur isteach. Tugann sé áit shábháilte dóibh freisin chun a saothar a phlé gan a bheith i mbaol ó dhísbeagadh. Tá samhlaíocht againn go léir agus táimid go léir difriúil!

Ealaíontóirí Ábhartha: Paul Klee
Ealaíontóirí eile a bheadh ábhartha dar leat féin

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Laoch le Sciathán (The Hero With the Wing) le Paul Klee
http://www.moma.org/collection/browse_results.php?criteria=O%3AAD%3AE%3A3130&page_number=7&template_id=1&sort_order=1

Twittering Machine le Paul Klee
http://www.moma.org/collection/browse_results.php?object_id=37347

Iarsmalann Paul Klee i mBerne, An Eilbhéis
http://www.paulkleezentrum.ch/ww/en/pub/web_root.cfm

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga
<http://www.scoilnet.ie>